

MINEASTRÁLACHT BHAISTE PHOIBLÍ NAÍONÁN

LENA CUR I bhFEIDHM SAN EAGLAIS

Ag an Umar Baiste

Sagart

Ar baisteadh an Leanbh seo cheana, nó nár baisteadh?

Má fhreagraítear, Níor baisteadh; téann an sagart ar aghaidh mar a leanas:

A dhaoine na páirte, ó gineadh agus ó rugadh an cine daonna i bpeaca, agus go ndeireann ár Slánaitheoir Críost, Mura mbeirtear duine athuair, ní féidir leis ríocht Dé a fheiceáil agus go ndeireann fós, Mura mbeirtear duine ó uisce agus ón Spiorad, ní féidir leis dul isteach i ríocht Dé; Achainím oraibh glaoch ar Dhia Athair, trínár dTiarna Íosa Críost, go ndeonaí sé dá thrócaire fhlaithiúil *don leanbh seo/do na leanaí seo* an rud úd nach féidir a bheith *aige/aici/acu* ó dhúchas; go mbaistear *é/i/iad* trí uisce agus tríd an Spiorad Naomh, agus go nglactar isteach in Eaglais naofa Chríost *é/i/iad*, agus go ndéantar *ball beoga/baill bheoga* den Eaglais chéanna *é/i/iad*.

A Dhia uilechumhachtaigh, shíormharthanaigh, a thugann cúnamh dá bhfuil i ngátar, a chuidíos lena dteitheann chugat ag iarraidh fóirithinte, a bheos na creidmhigh, a thugann aiséirí do na mairbh; Glaoimid ort ar son an *Naíonáin/na Naíonán* seo, go bhfaighe *sé/sí/siad* maithíunas a *[b]p[h]eacaí* trí athghiniúint spioradálta agus *é/i/iad* ag teacht chun do Bhaiste Naofa. Gabh chugat *é/i/iad*, a Thiarna, mar a gheallais trí do Dhilmhac, á rá, Iarraigí agus tabharfar daoibh; lorgaigí, agus gheobhaidh sibh; buailigí, agus osclófar daoibh; Gurb amhlaidh a tabharfar anois dúinne atá ag guí; go bhfaighimid agus sinn ag lorg; oscail an geata dúinne atá ag bualadh; ionas go mblaise *an Naíonán/na Naíonáin* seo aobhneas beannachta síoraí d'ionlaidh neamhaí, agus go scoicche *sé/sí/siad* an ríocht shíoraí a gheallais-se dúinn trí Chríost ár dTiarna. **Áiméan.**

nó

A Dhia uilechumhachtaigh, shíormharthanaigh, a tharrtháil, trí do mhórrthócaire, Naoi agus a chlann san Áirc ó anbhádh trí uisce; agus fós a threoraigh clann Iosrael do phobal slán tríd an Mhuir Rua, ag comharthú leis sin do Bhaiste Naofa; agus a naomhaigh uisce chun glanta rúndiamhraigh an pheaca trí Bhaiste do Dhilmhac Íosa Críost, in abhainn na hIordáine; Guímid thú, de bhrí do thrócairí dochuimsithe, go bhféachair go báúil ar *an Naíonán/na Naíonáin* seo; ionnail agus naomhaigh *é/i/iad* leis an Spiorad Naomh; ionas go dtabharfar isteach in Áirc Eaglaise Chríost *é/i/iad*, agus go saorfar ó d'fhearg *é/i/iad*; agus, trí sheasmhacht i gcreideamh, trí áthas an dóchais, agus trí fhréamhú sa ghrá, go dtreabha *sé/sí/siad* tonnta an tsaoil bhuartha seo, ar mhodh go sroicche *sé/sí/siad* faoi dheoidh tír na beatha suthaine, le bheith i ríocht leat ansin trí shaol na saol; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

AN SOISCÉAL

Éistigí le briathra an tSoiscéil, a scríobh Naomh Marcas, sa deichiú caibidil, ag an tríú véarsa déag.

Agus bhí siad ag tabhairt na leanaí chuig Íosa chun go sínfeadh sé a lámh orthu, ach bhí na deisceabail ag cur ceartú orthu. Ar a fheiceáil sin dó, tháinig míchheadfa air agus dúirt leo: “Ligigí do na leanaí teacht chugam; na coiscigí iad, óir is lena leithéidí seo ríocht Dé. Deirim libh go fírinneach, cibé nach nglacfaidh ríocht Dé ar nós linbh, ní rachaidh sé isteach inti choíche.” Agus rug sé barróg orthu, chuir a lámha orthu, agus bheannaigh iad.

AN MOLADH

A dhaoine na páirte, cloiseann sibh sa Soiscéal sin briathra ár Slánaitheora Críost, gur ordaigh sé na leanaí a bhreith chuige; gur cháin sé na daoine gur mhian leo iad a chosc air; go mbrostaíonn sé an uile dhuine le haithris a dhéanamh ar a n-ionracas. Tuigeann sibh mar a dhearbhaigh sé a dhea- thoil chucu trína chomhartha seachtrach agus trína ghníomh; mar chuir sé a lámha tharstu, leag sé a bhosa orthu, agus bheannaigh sé iad. Ná bíodh amhras oraibh mar sin, ach creidigí go dúthrachtach, go nglacfaidh *séan Naíonán/na Naíonáin* seo atá i láthair go ceansa mar an gcéanna; go gcuirfidh lámha a thrócaire *thairis/thairsti/tharstu*; go dtabharfaidh sé beannacht na beatha síoraí *dó/dí/dóibh* agus go ligfidh sé *dó/dí/dóibh* bheith rannpháirteach ina ríocht shuthain.

Dá bhrí sin, ós dearbh linn dea-thoil ár nAthar neamhaí chun *an Naíonáin/na Naíonán* seo, a d'fhoilsigh a Mhac Íosa Críost; agus ó nach bhfuil amhras ar bith orainn ach gur maith agus gur inmholta leis an obair charthanach

seo againn, agus sinne ag breith *an Naíonáin/na Naíonán* seo chun a Bhaiste Naofa; tugaimis buíochas leis go dílis deabhóideach, á rá,

A Dhia uilechumhachtaigh, shíormharthanaigh, a Athair neamhaí, Tugaimid buíochas leat go humhal, De bhrí gur dheonaigh tú sinn a ghlaoch chun eolais do ghrásta: Méadaigh an t-eolas sin, Agus neartaigh an creideamh seo ionainn go brách. Tabhair do Spiorad Naomh *don Naíonán/do na Naíonáin* seo, Ionas go n-atghintear *é/i/iad*, agus go ndéantar *oidhre/oidhrí* ar an slánú suthain *de/di/díobh*; Trínár dTiarna Íosa Críost, A mhaireas i ríocht leatsa agus leis an Spiorad Naomh, Anois agus go deo. Áiméan.

NA GEALLTANAIS

Deir an sagart leis na hAithreacha Baiste agus leis na Máithreacha Baiste ar an gcuma seo:

A Dhaoine na páirte, thug sibh *an Leanbh/na Léanaí* seolena *[m]b[h]aiste*; ghuigh sibh go ndeonódh ár dTiarna Íosa Críost a *[n]g[h]lacadh* chuig e féin, a *[bh]f[h]uascailt óna [b]p[h]eacaí*, a naomhú leis an Spiorad Naomh, ríocht neimhe a thabhairt *dó/di/dóibh* agus an bheatha shuthain. Chuala sibh freisin gur gheall ár dTiarna Íosa Críost ina Shoiscéal na nithe sin uile a d'iarr sibh a dheonú; gealltanais a chomhlíonfas sé agus a chuirfeas sé i gcrích, ar a thaobh sin de, go cinnte.

Mar sin, de réir an ghealltanais sin a thug Críost, caithfidh *an Naíonán/na Naíonáin* seo a ghealladh go dílis, ar a *[d]t[h]aobhsa* de, tríbhe atá in bhur n-urraí ar a *s[h]on*, (go dtaga *sé/sí/siad* in aois a glactha *air/uirthi/orthu* féin), go ndiúltaí *sé/sí/siad* don diabhal agus dá oibreacha uile, agus go gcreide *sé/sí/siad* go buan Briathar naofa Dé, agus go gcomhlíona *sé/sí/siad* a Aitheanta. Fiafraím mar sin,

An ndiúltaíonn tú, in ainm *an Linbh/na Leanaí* seo, don diabhal agus dá oibreacha uile, d'uabhar díomhaoin agus do mhórgacht an tsaoil, mar aon lena mhianta santacha uile, agus d'ainmhianta na colainne, ar chuma nach leanfair iad ná nach dtreorófar thú acu?

Diúltaím dóibh uile.

An gcreideann tú i nDia an tAthair uilechumhachtach, Cruthaitheoir neimhe agus talaimh? Agus in Íosa Críost a Aonmhacsan ár dTiarna? Agus gur gabhadh é ón Spiorad Naomh, gur rugadh ón Mhaighdean Mhuire é; gur fhulaing sé páis faoi Phontias Píoláit, gur céasadh ar chroch é, go bhfuair sé bás, agus gur adhlacadh é; go ndeachaigh sé síos go hifreann, agus gur éirigh sé arís ar an tríú lá ó na mairbh; go ndeachaigh sé suas ar neamh, agus go bhfuil ina shuí ar dheis Dé an t Athair uilechumhachtach; agus gurbh as sin a thiocfas sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh? Agus an gcreideann tú sa Spiorad Naomh, sa Naomh-Eaglais Chaitliceach; Cumann na Naomh; Maithiúnas na bpeacaí; Aiséirí na colainne; agus an bheatha shíoraí?

Creidim sin uile go dlúth.

An toil leat do bhaisteadh sa chreideamh sin?

Is é sin is toil liom.

An gcoimeádfaidh tú go humhal, mar sin, naomhthoil Dé, agus a Aitheanta, agus an siúlfaidh tú iontu ar feadh do shaoil?

Déanfaidh mé, le cúnamh Dé.

Sagart

A Dhia thrócairigh, deonaigh go n-adhlactar an Sean-Ádhamh *sa Leanbh/sna Leanaí* seo, ar mhodh go bhfaighe an duine nua aiséirí *ann/inti/iontu*. **Áiméan.**

Deonaigh go bhfaighe an uile mhiangas collaí bás *ann/inti/iontu*, agus go maire agus go bhfása an uile ní a bhaineas leis an Spiorad Naomh *ann/inti/iontu*. **Áiméan.**

Deonaigh go mbí cumhacht agus neart *aige/aici/acu*, go mbeire *sé/sí/siad* an bua, agus go gcaithréimí *sé/sí/siad* in aghaidh an diabhal, an tsaoil agus na colainne. **Áiméan.**

Deonaigh don té a thíolaictear duit inár n-oifig agus inár ministreacht bronntanas na suáilcí neamhaí, agus a chúiteamh go buan, trí do thrócaire, a Thiarna Dia bheannaithe, a mhaireas agus a rialaíos an uile ní, trí shaol na saol. **Áiméan.**

An Baiste

A Dhia uilechumhachtaigh shíormharthanaigh, ar dhoirt do Mhac fíorghráite Íosa Críost uisce agus fuil amach as a thaobh mhórluaigh d'fhonn maithiúnas a fháil inár bpeacaí; agus a thug aithne dá dheisceabail, go rachaidís, ag teagasc na gcíníocha go léir, agus iad a bhaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh; Tabhair aire, guímid thú, d'achainíocha do Phobail; naomhaigh an t-uisce seo chun peaca a ní amach go rúndiamhrach; agus deonaigh *don Leanbh/do na Leanaí* seo, atá le baisteadh ann anois, go bhfaighe *sé/sí/siad* iomláine do ghrásta, agus go bhfana *sé/sí/siad* go buan i measc slua do leanaí dílis tofa; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

Ansin glacann an sagart an leanbh ina lámha, agus deir leis na hAithreacha Baiste agus leis na Máithreacha Baiste,

Tabhair ainm don Leanbh seo.

Agus an t-ainm á rá ag an sagart, tumtar an leanbh san uisce, nó doirtear uisce ar chloigeann an linbh, agus deir an sagart

... baistim thú in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. **Áiméan.**

Sagart

Ligimid an Leanbh seo isteach i bpobal tréada Chríost; agus* gearraim comhartha na Croise *air/uirthi*, ina thuar nach mbeidh náire *air/uirthi* feasta creideamh Chríost chéasta a admháil, agus troid go calma faoina bhratach, in aghaidh an pheaca, an tsaoil, agus an diabhal; agus leanúint ina laoch dílis do Chríost agus ina *s[h]eirbhíseach* dó go deireadh a *s[h]aoil*. **Áiméan.**

****Anseo déanann an sagart comhartha na croise ar éadan an Linbh.***

Ós follas anois, a bhráithre na páirte, gur athghineadh *an Leanbh/na Leanaí* seo agus gur glacadh isteach *é/í/iad* i gcomhlacht Eaglais Chríost, tugaimis buíochas le Dia uilechumhachtach as ucht na ndearlaicthe sin; agus guímis é d'aontoil, go gcaithe *an Leanbh/na Leanaí* seo an chuid eile dá *s[h]aoil* de réir an tús sin.

Paidreacha

Téann gach duine ar a ghlúine:

Ár nAthair, atá ar neamh, Go naofar d'ainm, Go dtaga do ríocht, Go ndéantar do thoil ar talamh, Mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu. Agus maith dúinn ár bhfiacha, Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin. Agus ná lig sinn i gcathú, Ach saor sinn ón olc. Óir is leatsa an ríocht, Agus an chumhacht, Agus an ghlóir, Trí shaol na saol. **Áiméan.**

Tugaimid buíochas ó chroí duit, a Athair shárthrócairigh gur thoil leat *an Naíonán/na Naíonáin* seo a athghiniúint le do Spiorad Naomh, a ghlacadh mar *do Leanbh/do Leanaí* féin trí uchtmhacacht, agus *é/í/iad* a dhéanamh páirteach i d'Eaglais naofa. Agus iarraidimid go humhal ort a dheonú go maire *sé/sí/siad* chun fíréantachta, tar éis a bheith marbh don pheaca, agus go mbí *sé/sí/siad* rannpháirteach in aiséirí Chríost, tar éis a adhlactha leis ina bhás; ar mhodh go mbí *sé/sí/siad* ina *[h]oidhre/n-oidhrí* sa deireadh ar do ríocht shíoraí, in éineacht leis an gcuid eile de d'Eaglais naofa; trí Íosa Críost ár dTiarna. **Áiméan.**

An Moladh

Seasann cách

Ó gheall *an Leanbh/na Leanaí* seo tríbhe, a hurraí, diúltú don diabhal agus dá oibreacha uile, ó gheall *sé/s í/siad* creideamh i nDia, agus riará dó; ní mór daoibh cuimhneamh air seo, go luíonn sé oraibh mar dhualgas féachaint chuige go múintear *an Naíonán/na Naíonáin* seo a thúsce agus a bheidh an fhoghlaim ara *[g]c[h]umas*, ashollúnta agus atá an mhóid, an gealltanús agus an dearbhú a rinnes *é/sí/siad* tríbhe; agus go n-oiltear go suáilceach *é/í/iad* le beatha dhiaga Chríostúil a chaitheamh; ag cuimhneamh i gcónaí go bhfoilsíonn an Baiste ár ndearbhú dúinn; is é sin, eiseamláir Chríost a leanúint, agus éirí cosúil leis; ar mhodh go n-éagaimisne don pheaca, sinne a baisteadh, agus go n-éirimis arís don fhíréantacht, faoi mar a d'éag seisean, agus gur éirigh sé arís

ar ár son; agus sinne do bhuachaint de shíor ar ár n-ainmhianta uile, agus do mhéadú in aghaidh an lae i ngach suáilce agus i ndiagacht bheatha.

Tá sé de dhualgas oraibh aire a thabhairt go dtugtar *an Leambh/na Leanaí* seo go dtí an tEaspag lena *[n]d[h]aingniú* faoina láimh, a thúisce agus is féidir *leis/léi/leo* an Chré, an Phaidir, agus na Déich nAitheanta, a rá, agus go múintear sa bhreis *é/i/iad* as Teagasc Críostaí na hEaglaise atá leagtha amach chuige sin.

Go raibh grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh linn go léir. **Áiméan.** 2 Cor 13.13

Is cinnte de réir Bhriathar Dé, go slánaítear na leanaí a baistear, má fhaigheann siad bás sula bpeacaíonn siad go gníomhach.

Bíodh go n-ordaítear fíor na Croise san Oifig seo a dhéanamh sa Bhaiste de réir sean-nóis inmholta na hEaglaise, ní mheastar aisti gnás nua ar bith a chur leis an tSacramint mar chuid di, nó riachtanach di; ná go bhfuil bua nó éifeacht dá chuid féin san fheidhm a bhaintear as an bhfóir sin, níl inti ach go gcuirtear bás agus Cros Chríost i gcuimhne do na Críostaithe go léir, ós iontusan atá a ndóchas agus a nglóir; agus go gcuirtear i gcuimhne dóibh go mba chóir dóibh an Chros a iompar ar mhodh ar bith inar chuí le Dia a leagan orthu, agus go mbeidís ar aon dul le Críost inar fhulaing sé; ní a léirítear níos forleitheadaí sa tríú Canóin déag d'Eaglais Shasana. (1604)

NÓTAÍ

1. Déanfaidh Ministir gach paróiste an pobal a theagasc i gciall an Bhaiste, agus sna freagrachtaí a bhíonn orthu sin a thugann leanaí le baisteadh.
2. Nuair a bhíonn leanaí le baisteadh, tabharfaidh na tuismitheoirí fógra cuí do Mhinistir an pharóiste, a dhéanfaidh am a shocrú don Bhaiste.
3. Ba chóir do na críostí bheith ina gCríostaithe baiste, agus in aois na céille, agus beirt ar a laghad ina mbaill d'Eaglais na hÉireann, nó ina mbaill d'Eaglais atá i gcomaoineach le hEaglais na hÉireann (Canóin 25.4). Is oiriúnach go mbeadh tuismitheoirí mar urraí ag a bpáistí féin.
4. Is inmhianaithe go mbeadh baill an pharóiste i láthair chun tacaíocht a thabhairt, trína gcreideamh agus trína bpaidreacha, dóibh sin atá le baisteadh, agus atá le glacadh isteach i gcumann na hEaglaise.
5. Nuair a úsáidtear Ord an Bhaiste seo le linn seirbhís de na seirbhísí ceaptha in Eaglais ar bith, féadann an Ministir codanna den tseirbhís sin a fhágáil ar lár, de réir mar a cheadaíonn an tOrdanaire.
6. Ba chóir go mbeadh an t-umar baiste suite sa dóigh is gur féidir an Baiste a mhinistreáil ar mhodh deariartha.